

LUCHT MÚINTE AN SGÉALOIDHE (MÍCHEÁL BREATHNACH)

Bhí teach mór fairsing ag m'athair agus bhíodh daoine a' tigheacht againn san oidhche a' seanchus agus a' sgéalaidheacht. Sean-Phádraic ó Niadh, bhí seanchus mór aige. Is minic a dubhairt sé liom go n-innseochadh sé mórán sgéalta dom ach go raibh cuimhne ró-mhaith agam. Bhí sé féin ina sgoiláire. Bhíodh sé ag imtheacht ina sgoiláire bocht. Níl mórán áit in Éirinn nár shiubhail sé agus bhí an-tseanchus aige ar chuile shórt nídh.

Micheál Seoige ar an Mám, bhí sgéalta aige agus cuid mhaith.

Brigid Ní Mhaolruaidh, bhí an-chuimse sgéalta aice.

Caitríona Nic Ceantraigh (Ceanntach, Fitzhenry), bhí an-tseanchus ar an tsean-tsaoghal aice.

Is aca sin is mó a chuala mé na sgéalta agus an seanchus.